TUARASCÁIL EORPACH 2023 MAIDIR LE DRUGAÍ: BUAICPHOINTÍ

## Cruthaíonn éagsúlacht mhéadaithe i soláthar agus úsáid drugaí dúshláin nua don Eoraip

(16.06.2023, LIOSPÓIN — **TRÁDBHAC 12.00 Liospóin | 13.00 An Bhruiséil/ALE**) Tá an éagsúlacht mhéadaithe i soláthar agus úsáid drugaí ag cruthú dúshlán nua don bheartas drugaí agus don chúram sláinte san Eoraip. Tá sé sin ar cheann de na saincheisteanna ar tharraing **Gníomhaireacht drugaí an AE (EMCDDA)** aird orthu inniu agus an ***Tuarascáil Eorpach 2023 maidir le Drugaí: Treochtaí agus Forbairtí*** a sheoladh aici sa Bhruiséil ([1]). Tugtar sa tuarascáil an forbhreathnú is déanaí ar staid na ndrugaí san Eoraip, agus déantar iniúchadh ar príomhthreochtaí agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn.

Tá infhaighteacht drugaí fós ard maidir le gach cineál substainte agus tá méadú leanúnach ag teacht ar scála agus ar chastacht an táirgthe aindleathach drugaí laistigh den Eoraip. Tá daoine a úsáideann drugaí nochta anois do raon níos leithne substaintí sícighníomhacha, a bhfuil ardneart agus ardíonacht ag baint leo go minic. D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith aineolach maidir le cad atá á ghlacadh acu, ós rud é gur féidir na drugaí seo a dhíol i bpúdair nó i bpiollairí a bhfuil an chuma chéanna orthu. Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le straitéisí éifeachtacha cumarsáide maidir le rioscaí chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na díobhálacha sláinte a bhaineann le substaintí nua, le hidirghníomhaíochtaí drugaí agus le táirgí ardnirt.

Cumhdaíonn an anailís raon leathan drugaí aindleathacha, lena n-áirítear ópóidigh agus spreagthaigh, táirgí cannabais nua agus drugaí dícheangail (e.g. céataimín). Tugtar inti freisin an t-eolas is déanaí maidir le substaintí sícighníomhacha nua (NPS), ar substaintí iad atá fós ina ndúshlán don tsláinte phoiblí san Eoraip. In 2022, tuairiscíodh 41 druga nua den chéad uair trí Chóras Réamhrabhaidh an AE (EWS), a fhágann gurb é 930 líon iomlán na NPSanna atá faoi fhaireachán **EMCDDA**.

Deir an **Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, Ylva Johansson:** 'Is bagairt mhór don tsochaí í an choireacht eagraithe a bhaineann le drugaí, agus is cúis mhór imní dom go bhféadfadh sé go mbeadh na substaintí a ídítear san Eoraip sa lá atá inniu ann níos díobhálaí don tsláinte ná mar a bhí riamh. Sa *Tuarascáil Eorpach 2023 maidir le Drugaí*, déantar cur síos ar an gcaoi a bhfuil níos mó drugaí aindleathacha á n-urghabháil ag na Ballstáit ná riamh. Chuir na cuairteanna a thug mé le déanaí ar chalafoirt farraige na hEorpa, agus ar Mheiriceá Laidineach, chun suntais go leanann gáinneálaithe drugaí d'insíothlú isteach ar shlabhraí soláthair, de theacht i dtír ar oibrithe agus de thionchar diúltach a imirt ar phobail trí fhoréigean agus trí éilliú. Tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn an AE i gcomhar le tríú tíortha sa chomhrac domhanda i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí. Tá sé tráthúil freisin go bhfuil sainordú níos láidre agus ról idirnáisiúnta á thabhairt don EMCDDA anois chun coinneáil bord ar bhord leis an bhfadhb drugaí seo atá ag teacht chun cinn'.

Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le sonraí fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha feabhsaithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar na bagairtí ó shubstaintí sintéiseacha nua agus láidre, ó mheascáin drugaí, ó shubstaintí truaillithe, ó mhargaí drugaí atá ag athrú agus ó phatrúin úsáide. Faoina sainordú nua in 2024, seolfaidh an ghníomhaireacht líonra Eorpach de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha chun acmhainneacht sa réimse sin a neartú ([2]).

Deir **Stiúrthóir EMCDDA Alexis Goosdeel**: I dtuarascáil na bliana seo cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil fadhbanna drugaí aindleathacha ann ar fud ár sochaí ar fad. Déanaim achoimre air seo leis an bhfrása: *Gach Áit, Gach Rud, Gach Duine*. Tá drugaí aindleathacha ar fáil go forleathan agus bíonn substaintí láidre nua ag

teacht chun cinn i gcónaí. Is féidir beagnach gach rud a bhfuil airíonna sícighníomhacha acu a bheith ar an margadh drugaí, lipéadaithe go mícheart nó i meascáin go minic. Sin é an fáth ar féidir le drugaí aindleathacha tionchar a imirt ar gach duine, cibé acu go díreach trí úsáid a bhaint astu, nó go hindíreach, tríd an tionchar a bhíonn acu ar theaghlaigh, ar phobail, ar institiúidí agus ar ghnólachtaí. Ina theannta sin, déanann siad ár saoránaigh a nochtadh d'fhoréigean a bhaineann le drugaí agus dá iarmhairtí. Inniu, táimid ag cur béime ar na dúshláin a bhaineann le spreagthaigh, le drugaí sintéiseacha agus le táirgí cannabais nua. Tá sé ríthábhachtach go méadóimid tástáil fhóiréinseach agus tocsaineolaíoch chun bagairtí atá ag teacht chun cinn a bhrath ar bhealach níos fearr agus chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Ní mór dúinn freisin tuilleadh a infheistiú i seirbhísí a n-úsáidtear anois chun freastal ar riachtanais níos éagsúla agus níos casta'.

**Forbairtí nua beartais cannabais i margadh casta**

Tá raon feidhme na mbeartas cannabais san Eoraip ag leathnú de réir a chéile, anois ag clúdach ní hamháin rialú cannabais aindleathaigh, ach freisin rialáil cannabais agus cannaibionóideach le haghaidh úsáidí teiripeacha agus eile (e.g. cosmaidí, bia).

Sa lá atá inniu ann, tá cúig Bhallstát AE (**an tSeicia, an Ghearmáin, Lucsamburg, Málta** agus an **Ísiltír**) comh maith leis **an Eilvéis** ag tabhairt isteach cur chuige nua nó tá sé i gceist acu cur chuige nua a thabhairt isteach chun soláthar cannabais d'úsáid áineasa a rialáil. Leagtar béim sna hathruithe sin, a leagtar amach sa tuarascáil, ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh san fhaireachán agus sa mheastóireacht chun tuiscint iomlán a fháil ar an tionchar a bhíonn acu ar an tsláinte phoiblí agus ar an tsábháilteacht phoiblí ([3]).

Tá cannabas fós ar an druga aindleathach is coitianta a úsáidtear san Eoraip. Meastar gur bhain thart ar 8% (22.6 milliún) de dhaoine fásta Eorpacha (15–64 bliain d'aois) úsáid as cannabas sa bhliain seo a chuaigh thart. In 2021, bhain cainníochtaí roisín cannabais (816 thona) agus cannabais luibhe (256 tona) a urghabhadh san AE an leibhéal is airde amach le deich mbliana anuas, rud a thug le fios go raibh an druga sin ar fáil go forleathan. San Eoraip, tháinig thart ar 97,000 cliant isteach i gcineál éigin cóireála drugaí le haghaidh fadhbanna a bhaineann le húsáid channabais in 2021.

Tá dúshláin sláinte poiblí ag baint le táirgí nua cannabais. D'fhéadfadh roinnt táirgí a dhíoltar ar an margadh aindleathach mar channabas nádúrtha a bheith truaillithe le cannaibionóidigh shintéiseacha láidre, rud a chruthaíonn rioscaí nimhithe. Agus bhí baint ag eastóscáin agus iteáin channabais ardnirt le daoine ag dul isteach i ranna éigeandála ospidéil agus géarnimhiú orthu.

In 2022, ba é **heicsi-hidreachannaibionól (HHC)** an chéad channaibionóideach leathshintéiseach a tuairiscíodh san AE. Sainaithníodh é in dhá thrian de na Ballstáit agus, i roinnt tíortha AE, díoltar é mar rogha malartach 'dlíthiúil' in ionad cannabais ([4]). Ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 i leith, tá dianfhaireachán á dhéanamh ar HHC laistigh de Chóras Réamhrabhaidh an AE (EWS) chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Eoraip.

**Níos mó gabhálacha cócaoin ná mar a bhí riamh agus imní atá ag dul i méid faoi úsáid spreagthach sintéiseach**

Is í an gháinneáil a dhéantar ar líon mór cócaoin trí chalafoirt Eorpacha i gcoimeádáin tráchtála an fáth a bhfuil an druga ar fáil go forleathan sa lá inniu. Tá imní ann go bhféadfadh an cás seo cur le méadú ar úsáid chócaoin, ar dhochar don tsláinte agus ar choireacht a bhaineann le drugaí.

In 2021, rinne Ballstáit AE 303 tona de chócaon a urghabháil, méid nach bhfacthas a leithéid riamh. Ba **sa Bheilg** (96 tona), **san Ísiltír** (72 tona) agus **sa Spáinn** (49 tona) a urghabhadh beagnach 75% den mhéid iomlán. Léirítear sna réamhshonraí le haghaidh 2022 gur tháinig méadú ar mhéid an chócaoin a urghabhadh in Antuairp, an dara calafort is mó san Eoraip, go 110 tona ó 91 tona in 2021. Tugtar le fios san fhianaise go bhfuil grúpaí coireachta eagraithe ag díriú níos mó agus níos mó ar chalafoirt bheaga i dtíortha eile AE, agus i dtíortha atá ar theorainn an AE. Tá tábhacht ag baint le monarú aindleathach cócaoin san AE, agus díchóimeáladh 34 saotharlann chócaoin in 2021 (23 in 2020), agus cuid acu a bhí ag feidhmiú ar mhórscála.

Is é cócaon an druga spreagthach aindleathach is mó a úsáidtear san Eoraip, agus d'úsáid thart ar 1.3% (3.7 milliún) d'aosaigh na hEorpa (15–64 bliana) é sa bhliain seo a chuaigh thart. Ba í an tsubstaint ba

choitianta í a bhain le daoine ag dul isteach i ranna éigeandála ospidéil in 2021 agus géarnimhiú orthu, a luadh i 27% de na cásanna go léir. Tá roinnt comharthaí ann freisin go bhfuil instealladh cócaoin agus úsáid chnagchócaoin ag éirí níos forleathan i measc grúpaí imeallaithe i roinnt tíortha, rud a fhágann gur gá freagairtí laghdaithe díobhála a mhéadú. Measadh go raibh 7,500 iontráil chóireála a bhain le cnagchócaoin in 2021.

Tá méadú ag teacht ar na rioscaí don tsláinte phoiblí mar gheall ar an éagsúlacht níos leithne de spreagthaigh shintéiseacha atá ar fáil anois ar an margadh aindleathach. Go stairiúil, ba é amfataimín an spreagthach sintéiseach is coitianta a úsáidtear san Eoraip. Mar sin féin, tá comharthaí ann go bhfuil meitiolamfataimín agus cáitíonóin sintéiseacha araon ag cur níos suntasaí anois ná mar a bhí san am atá caite le fadhbanna foriomlána a bhaineann le spreagthaigh san Eoraip.

Deirtear sa tuarascáil freisin go ndéantar spreagthaigh a instealladh níos coitianta anois, in amanna in éineacht le hearóin nó le hópóidigh eile. Beidh tuiscint ar an dochar a bhaineann le patrúin athraitheacha úsáide drugaí insteallta ríthábhachtach chun idirghabhálacha a dhearadh a laghdóidh an dochar a bhaineann leis an iompar sin.

**Rioscaí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag substaintí nach bhfuil mórán eolas fúthu**

Tá céataimín, a úsáidtear mar ainéistéiseach agus pianmhúchán sa leigheas, ina roghdhruga áineasa níos seanbhunaithe i roinnt suíomhanna. Déantar é a smúradh go coitianta agus cuirtear é in amanna le meascáin drugaí eile, lena n-áirítear púdair agus táibléid MDMA. D'fhéadfadh fadhbanna sláinte a bheith ag úsáideoirí céataimín fadtéarmacha (e.g. damáiste lamhnáin).

Tá ábhair imní faoin tsláinte á n-ardú mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid áineasa ocsaíde nítriúla ('gás gáire') in áiteanna áirithe san Eoraip. Léirigh athbhreithniú a rinne **EMCDDA** le déanaí ([5]) na rioscaí a bhaineann leis an druga, agus an chosúlacht ar an scéal anois go bhfuil an druga níos inrochtana, níos saoire agus níos coitianta i measc roinnt daoine óga. I measc na rioscaí seo tá nimhiú, dónna agus gortuithe scamhóige agus, i gcásanna áirithe d'úsáid fhada, damáiste néaróige. Tá argóint láidir ann gur chóir do sheirbhísí um dhrugaí a chosc agus dochar a laghdú aghaidh a thabhairt ar an tsubstaint sin ina gcuid oibre. Tá cuir chuige rialála maidir le díol agus úsáid na substainte seo éagsúil ó thír go tír.

Pléann tuarascáil an lae inniu freisin an tsuim atá ag fás i bpoitéinseal teiripeach drugaí sícideileacha. Cé go bhfuil taighde a bhfuil gealladh faoi á dhéanamh ar chumas na substaintí sin déileáil le riochtaí meabhairshláinte éagsúla, leagtar béim sa tuarascáil ar an riosca go gcuirfí cláir neamhrialáilte i bhfeidhm laistigh den AE agus in áiteanna eile. D'fhéadfadh suim mhéadaitheach san ábhar seo úsáid thrialach níos mó de na substaintí sin a spreagadh gan tacaíocht leighis, rud a d'fhéadfadh roinnt daoine leochaileacha a chur i mbaol.

**Tá fadhbanna ópóideacha na hEorpa ag forbairt**

Tá hearóin fós ar an ópóideach aindleathach is mó a úsáidtear san Eoraip, ach tá méadú ag teacht ar an imní atá ann freisin maidir le húsáid ópóideacha sintéiseacha i réimsí limistéar. Tá go leor ópóideach sintéiseach an-láidir agus tá riosca nimhithe agus báis ag baint leo. Níl ach méideanna beaga ag teastáil chun na mílte dáileog a tháirgeadh, a fhágann go bhféadfadh substaint níos brabúsaí a dhéanamh díobh do ghrúpaí coireachta eagraithe.

Tá ópóidigh shintéiseacha neamhrialaithe nua fós le feiceáil ar mhargadh drugaí na hEorpa, agus aithníodh 74 díobh san iomlán ó 2009 i leith. Le blianta beaga anuas, ba iad an chuid is mó de na substaintí ópóideacha nua-aitheanta a tuairiscíodh don EWS ópóidigh **bheinsimideasóil** (nítríséin) an-láidir. I gcomparáid le **Meiriceá Thuaidh**, tá ról sách beag ag ópóidigh shintéiseacha nua (e.g. díorthaigh fheantanaile agus nítríséiní) i margadh drugaí na hEorpa ar an iomlán, cé gur fadhb shuntasach iad i roinnt tíortha.

Tá nasc idir ópóidigh shintéiseacha nua (lena n-áirítear beinsimideasóil agus díorthaigh fheantanaile) le méadú ar bhásanna ródháileoige sna **tíortha Baltacha**. San **Eastóin**, thángthas ar ópóidigh shintéiseacha nua i meascáin ina bhfuil beinsidhé-asaipín agus an támhachán ainmhithe **xiolaisín**. Tá na teaglamaí sin, ar a dtugtar **'benzo-dope'** agus **'tranq-dope'** faoi seach, nasctha le básanna ródháileoige i **Meiriceá Thuaidh**. Luaitear an méid seo a leanas sa tuarascáil: '... fiú má tá fadhbanna sa réimse seo sách teoranta faoi láthair, is

bagairt é an grúpa substaintí sin, agus d'fhéadfadh tionchar níos suntasaí a bheith aige ar shláinte agus ar shlándáil na hEorpa amach anseo'.

Is cosúil go bhfuil fáil ar hearóin ard i láthair na huaire. Méadaíodh níos mó ná faoi dhó méid na hearóine a d'urghabh Ballstáit AE in 2021 go 9.5 tona, agus d'urghabh **an Tuirc** 22.2 tona, méid nach bhfacthas a leithéid riamh. Is ón **Afganastáin** a thagann beagnach an hearóin go léir a ídítear san Eoraip, áit ar fhógair an Talaban toirmeasc ar shaothrú codlaidín i mí Aibreáin 2022. Cé nach féidir a rá fós conas a bheidh tionchar ag an toirmeasc ar mhargadh hearóine na hEorpa, tá imní ann go bhféadfadh aon ghanntanas maidir le fáil ar an druga a bheith bainteach le méadú ar sholáthar ópóideach sintéiseach agus ar an éileamh atá orthu.

----
Mar fhocal scoir, deir **Cathaoirleach Bhord Bainistíochta EMCDDA Franz Pietsch**: 'Is acmhainn riachtanach í tuarascáil an lae inniu chun léargas straitéiseach a fháil ar staid na ndrugaí san Eoraip agus ar na himpleachtaí atá aici don tsláinte phoiblí agus don tslándáil phoiblí. Tráth ríthábhachtach atá i seoladh na tuarascála, agus EMCDDA ag ullmhú do shainordú nua agus todhchaí nua. Táimid ag tnúth le cur chun feidhme an mhisin nua seo a bhfuil gealladh faoi, lena gcuirfidh an ghníomhaireacht lena cumas faireacháin, lena gcuirfear le hullmhacht an AE agus lena gcuideofar le hinniúlacht a fhorbairt le haghaidh idirghabhálacha níos fearr i réimse na ndrugaí'.

([1]) Chun tuilleadh eolais a fháil faoin *Tuarascáil Eorpach 2023 maidir le Drugaí*, féach https://www.emcdda.europa.eu/event/2023/06/launch-event-european-drug-report-2023_en. Sa tuarascáil, déantar cur síos ar staid na ndrugaí go dtí deireadh 2022, bunaithe ar shonraí ó 2021 agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, ó 2022.
([2]) In 2024, beidh an EMCDDA ina Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA), agus beidh sainordú fadaithe aige.
([3]) https://www.emcdda.europa.eu/publications/faq/cannabis-laws-europe-questions-and-answers-for-policymaking_en
([4]) https://www.emcdda.europa.eu/news/2023/new-cannabinoid-hhc-spotlight-market-evolves_en
([5]) https://www.emcdda.europa.eu/news/2022/11/no-laughing-matter-new-report-shows-rise-recreational-use-nitrous-oxide_en